Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Meitheamh 2022
(OR. fr)

10148/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0202(NLE)**

**TRANS 376**
**RELEX 788**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST10129/22 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an chomhaontaithe maidir le hiompar earraí de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Moldóive<br>– Glacadh |

1. Is toradh é an dréachtchomhaontú thuas ar an gcaibidlíocht a rinne an Coimisiún ar bhonn an údaraithe a thug an Chomhairle don Choimisiún an 2 Meitheamh 2022 chun tús a chur le caibidlíocht d'fhonn Comhaontú a thabhairt i gcrích maidir le hiompar earraí de bhóthar idir Poblacht na Moldóive agus an tAontas Eorpach.

2. An 17 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún, faoi bhráid na Comhairle, a thogra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an dréachtChomhaontaithe thuasluaite (10129/22). Scrúdaigh comhaltaí na Meithle um Iompar de Thalamh an dréachtChinneadh ón gComhairle maidir leis an síniú agus an cur i bhfeidhm sealadach, mar a leasaigh an Mheitheal sin é (10163/22) an 17 Meitheamh.

3. Rinne dlítheangeolaithe na Comhairle athbhreithniú ar théacs an dréachtChinnidh ón gComhairle maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach agus ar théacs an dréachtChomhaontaithe.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, scrúdú a dhéanamh ar an dréachtchinneadh ón gComhairle mar a leagtar amach in 10409/22 é agus ar théacs an dréachtchomhaontaithe mar a leagtar amach in 10152/22 é, agus a mholadh don Chomhairle, i bpáirt 'A' ar chlár oibre cruinnithe a bheidh ann amach anseo, an Cinneadh sin a ghlacadh ionas go bhféadfar an Comhaontú a shíniú.

5. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir leis an nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE agus déanfar an Cinneadh a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa.